# Rannta – Pacáiste 5

Comhar Naíonraí na Gaeltachta

Tá Litir Acu Dom  1

Féileacán  2

Tá Sé ag Báisteach  3

An Eala Bhán  4

Suas agus Síos leis na Lámha Beaga  5

Clódóirí CL Print - 091-506597



# Tá Litir Acu Dom

Tá fear an phoist ag teacht anois,
Ag teacht anois, ag teacht anois,
Tá bean an phoist ag teacht anois,
Tá litir acu dom.

An gcloiseann tú an rat tat tat tat tat
An rat tat tat tat tat……An rat tat tat tat tat
An gcloiseann tú an rat tat tat tat tat
Tá litir acu dom.

Comhar Naíonraí na Gaeltachta



# Féileacán



Féileacán, Féileacán
Éinín beag, Éinín beag
Uisce ag sileadh le fána
Uisce ag sileadh le fána



Amuigh faoin aer le mo chairde
Amuigh faoin aer le mo chairde
Ag léim suas go hard
Ag léim suas go hard

Amuigh ag spraoi le mo chairde
Ag rith agus ag spraoi gach lá
Amuigh ag spraoi le mo chairde
Na cairde is fearr ar domhan
Na cairde is fearr ar domhan

Comhar Naíonraí na Gaeltachta



# Tá Sé ag Báisteach

Tá sé ag báisteach, tá sé ag báisteach
Is Cuma faoi, is Cuma faoi

Cá bhfuil mo chóta, cá bhfuil mo chóta
Agus mo bhuataisí, mo bhuataisí.

Féach ar an seilide, féach ar an seilide
Teachín ar a dhroim, teachín ar a dhroim

Tá sé te teolaí, tá sé te teolaí
Amuigh ag spraoi, amuigh ag spraoi.



# An Eala Bhán

Is mise an Eala bhán
a bhíonn ag eitilt san aer

Is mise an Eala bhán
a bhíonn ag eitilt ard sa spéir

Bím ag slubáil agus ag slabáil
san uisce ar feadh an lae

Tá mo chleití álainn bán
agus mé go mór i ngrá liom féin.

Comhar Naíonraí
na Gaeltachta



# Suas agus Síos Leis na Lámha Beaga

Suas agus síos leis na Lámha Beaga.
Suas agus síos leis na Lámha Beaga.
Suas agus síos leis na Lámha Beaga.
A1 A2 A3

Amach agus isteach leis na lámha beaga
Amach agus isteach leis na lámha beaga
Amach agus isteach leis na lámha beaga
A1 A2 A3

Suas agus síos leis na cosa Beaga.
Suas agus síos leis na cosa Beaga.
Suas agus síos leis na cosa Beaga.
A1 A2 A3

Amach agus isteach leis na cosa beaga
Amach agus isteach leis na cosa beaga
Amach agus isteach leis na cosa beaga
A1 A2 A3

Comhar Naíonraí na Gaeltachta